Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2023
(OR. en)

8904/23
ADD 7

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0124(COD)**

MI 357
ENT 89
ENV 440
CHIMIE 39
IND 210
CONSOM 153
SAN 227
IA 92
CODEC 762

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Aibreán 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 115 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR […] a ghabhann leis an doiciméad togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 115 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 115 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.4.2023
SWD(2023) 115 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**[…]**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004**

{COM(2023) 217 final} - {SEC(2023) 170 final} - {SWD(2023) 113 final} - {SWD(2023) 114 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004

**A. An gá atá le beart**

**Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?**

Le Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 maidir le glantaigh ('An Rialachán maidir le Glantaigh'), déantar comhchuibhiú ar na rialacha maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe a dhíol[1] ar an margadh. Leagtar síos ceanglais dhiana in- bhithdhíghrádaitheachta ann maidir le dromchlaghníomhaithe, teorainneacha caighdeánaithe le haghaidh fosfair i níochán tomhaltóirí agus i miasniteoirí uathoibríocha agus ceanglais shonracha maidir le lipéadú chun úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas maidir le comhábhair ar leith a bheith i nglantaigh (e.g. cumhráin ailléirgineacha) agus chun ligean dóibh roghanna eolasacha a dhéanamh.

Ag tógáil ar thorthaí na meastóireachta ar ghlantaigh[2], sainaithnítear dhá fhadhb sa mheasúnú tionchair seo, is iad sin:

1. **Ní chuirtear forbairtí nua margaidh san áireamh sa Rialachán maidir le Glantaigh.** Forbraíodh táirgí nuálacha agus cleachtais nua inbhuanaithe ó glacadh leis an Rialachán in 2004, agus ní fhreastalaítear ar na forbairtí sin sna rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair (earraí glantacháin miocróbacha) nó ní léir má fhreastalaíonn siad orthu nó conas a fhreastalaíonn siad orthu (díolacháin athlíonta).
2. **Easpa ceanglas éifeachtúil faisnéise maidir le glantaigh:** De thoradh forluití reachtacha idir an Rialachán maidir le Glantaigh agus Rialachán CLP[3] déantar lipéadú ar an tsubstaint chéanna faoi dhó nó trí huaire ar an lipéad céanna agus faoi ainmneacha atá go hiomlán difriúil uaireanta. Is ann d'fhorluí eile freisin idir na píosaí reachtaíochta sin de chuid an Aontais, is é sin dúbailt san fhaisnéis maidir leis an bhfreagairt sláinte éigeandála le haghaidh glantach a aicmítear mar ghlantaigh ghuaiseacha faoin Rialachán CLP (bileoga sonraí comhábhar faoin Rialachán maidir le Glantaigh agus faisnéis a sheoltar chuig ionaid nimhe faoi CLP).

**Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Chuideodh an tionscnamh seo chun ardleibhéal cosanta a bhaint amach don tsláinte agus don chomhshaol, chomh maith le feidhmiú éifeachtach an mhargaidh aonair le haghaidh glantach a áirithiú i gcónaí.

Go sonrach, is é is aidhm don tionscnamh seo na rialacha a shoiléiriú agus a thabhairt cothrom le dáta:

- chun cothrom na Féinne a thabhairt do chách agus táirgí nuálacha agus cleachtais nua inbhuanaithe a cheadú,
- chun cosaint bharrfheabhsaithe a sholáthar don tsláinte agus don chomhshaol,
- chun an t- ualach ar mhonaróirí glantach a laghdú,
- chun an tuiscint agus an fheasacht atá ag an tomhaltóir ar lipéid a fheabhsú, trí na ceanglais atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le lipéadú sa Rialachán maidir le Glantaigh a shimpliú agus a chuíchóiriú.

**Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ar ghlantaigh nach gconspóidtear an breisluach a bhaineann le rialacha caighdeánaithe a bheith ann chun glantaigh a bheith ar fáil agus iad a chur ar an margadh[4].

Le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais áiritheofar comhthéacs rialála ina gceadófar nuálaíocht do chineálacha nua táirgí, teicnící nua margaíochta agus teicneolaíochtaí nua maidir le lipéadú ar fud an mhargaidh

[1] Is oibreáin dhromchla- ghníomhacha iad dromchlaghníomhaithe a chuidíonn chun an comhéadan idir uisce agus olaí agus/nó salachar a bhriseadh síos. Tá siad ar cheann de na príomh- chomhábhair a úsáidtear i nglantaigh.
[2] Meastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le glantaigh, SWD(2019)298
[3] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006
[4] Idem.

aonair, agus soláthrófar an tráth céanna an leibhéal céanna cosanta don tsláinte agus don chomhshaol ar fud an Aontais.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?**

Seachas an cás bonnlíne nárbh ann d'aon ghníomhaíocht, sainaithnítear **2 rogha (1a agus 1b)** sa mheasúnú tionchair seo chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb 1 (gan aon fhorbairt nua sa mhargadh a bheith curtha san áireamh) agus **2 rogha (2a agus 2b)** chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb 2 (easpa ceanglas éifeachtúil faisnéise).

**Rogha 1a**

D'áiritheofaí leis sin go bhfaigheadh tomhaltóirí an fhaisnéis is gá le linn dóibh glantaigh athlíonta a cheannach agus go mbeadh na rialacha mar an gcéanna le haghaidh na monaróirí glantach uile. Thabharfaí earraí glantacháin miocróbacha faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le Glantaigh agus dhéanfaí íoscheanglais faisnéise (lipéadú) a fhorchur ionas gur féidir úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas faoi mhiocróib a bheith sa táirge, trína mbaintear amach an fheidhm ghlantacháin.

**Rogha 1b**

Tógann an rogha seo ar rogha 1a maidir le díolacháin athlíonta trí mholadh a dhéanamh, ina theannta sin, go dtabharfaí lipéadú digiteach isteach le haghaidh glantaigh athlíonta. Chun an cleachtas inbhuanaithe sin a éascú a thuilleadh agus a acmhainneacht iomlán a léiriú, is féidir an fhaisnéis uile maidir le lipéadú a cheanglaítear faoin Rialachán maidir le Glantaigh a sholáthar trí lipéad digiteach, seachas na treoracha dáileogachta.

A mhéid a bhaineann le hearraí glantacháin miocróbacha, moltar i rogha 1b go dtabharfaí ceanglais bainistíochta riosca isteach le haghaidh na dtáirgí sin. Áirítear leo sin critéir chineálacha maidir le miocróib a úsáid i nglantaigh, ceanglais lipéadaithe, srianta áirithe ar úsáid miocrób agus clásal athbhreithnithe.

**Rogha 2a**

Faoin rogha sin chuirfí deireadh leis an mbileog sonraí comhábhar i gcás glantaigh ghuaiseacha agus neamhghuaiseacha araon. Moltar leis an rogha sin freisin na ceanglais lipéadaithe a chuíchóiriú agus féidearthacht a thabhairt isteach i ndáil le lipéadú digiteach.

D'fhéadfaí an cuíchóiriú a bhaint amach gan an lipéadú a dhéanamh ach uair amháin (i gcomhréir leis na rialacha níos déine, **fo- rogha 1**); nó trí na forálacha dúbailte a bhaint as an Rialachán maidir le Glantaigh (**fo- rogha 2**).

Trí lipéadú digiteach a roghnú, thairbheodh monaróirí freisin den fhéidearthacht chun faisnéis áirithe a sholáthar tríd an lipéadú digiteach agus trí sin amháin. I gcás ina gcuirfí prionsabail éigeantacha maidir le lipéadú digiteach i bhfeidhm, ní bheadh monaróirí in ann ach lipéid dhigiteacha amháin a chur ar a gcuid táirgí.

**Rogha 2b**

Moltar leis an rogha sin nach gcuirfí deireadh ach leis an gceanglas dúbláilte chun bileog sonraí comhábhar a sholáthar le haghaidh glantaigh ghuaiseacha agus é a choinneáil ar bun le haghaidh glantaigh neamhghuaiseacha faoin Rialachán maidir le Glantaigh. I dtéarmaí lipéadaithe, tá rogha 2b mar an gcéanna le rogha 2a thuas.

**Sainaithnítear sa mheasúnú tionchair roghanna 1b agus 2b mar an meascán roghanna is fearr.**

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Glacann na páirtithe leasmhara uile go forleathan le rogha 2b (lena n- áirítear an tionscal, na húdaráis phoiblí agus ionadaithe na sochaí sibhialta). Deimhníodh leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann maidir le roinnt faisnéis lipéid a dhigitiú agus an bhileog sonraí comhábhar a choinneáil ar bun maidir le glantaigh neamhghuaiseacha.

I dtéarmaí fo- roghanna chun na ceanglais lipéadaithe a chuíchóiriú, ba é rogha an tionscal ar éigean deireadh a chur le ceanglais dhúbláilte faoin Rialachán maidir le Glantaigh (fo- rogha 2) ach léiríodh tacaíocht fhorleathan freisin don chéad fho- rogha, agus ba í rogha cineálacha eile páirtithe leasmhara an fho- rogha sin freisin, go

háirithe na húdaráis phoiblí agus ionadaithe na sochaí sibhialta.

Fuarthas tacaíocht fhorleathan freisin chun díolacháin athlíonta a éascú agus a dhigitiú faoi rogha 1b. Ba cheart a thabhairt ar aird, áfach, nár léirigh eagraíochtaí gnó ná cuideachtaí móra an oiread sin tacaíochta maidir le ceanglais le haghaidh díolacháin athlíonta a chur isteach sa Rialachán maidir le Glantaigh i gcomparáid le páirtithe leasmhara eile amhail fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí comhshaoil agus tomhaltóirí.

Maidir leis na bearta bainistíochta riosca a moladh[5], níor tugadh tacaíocht fhorleathan do chritéir chineálacha a thabhairt isteach i ndáil le bainistíocht riosca a dhéanamh ar earraí glantacháin miocróbacha.

Ba cheart a thabhairt faoi deara áfach gur thuairiscigh páirtithe leasmhara sa tionscal go gcuirfí ualach rialála gan ghá ar an tionscal de thoradh ceanglais a thabhairt isteach le haghaidh earraí glantacháin miocróbacha i gcoitinne faoin Rialachán maidir le Glantaigh[6].

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Tá coinne leis go mbainfidh sochair leis na roghanna tosaíochta i dtéarmaí **laghdú an ualaigh agus coigilteas costais don tionscal**, chomh maith le **lipéid níos soléite a bheith ar ghlantaigh.**

Tá coinne leis freisin go laghdóidh siad na hualaí ar chuideachtaí i dtéarmaí na gceanglas forleathan forluiteach lipéadaithe faoi chreat rialála an Aontais i gcoitinne ar infheidhme iad maidir le glantaigh, go háirithe trí dheireadh a chur leis na leaganacha dúbailte uile sna ceanglais faisnéise agus trí sholúbthacht a thairiscint i dtaca le roinnt faisnéis lipéid a sholáthar trí lipéad digiteach.

Bheadh barainneachtaí scála i gceist leis freisin toisc go bhféadfadh níos mó teangacha a bheith ar fáil i spás fisiceach an lipéid, rud a chiallódh go sábhálfaí costais i dtéarmaí dáileadh díolachán, agus bhainfí amach acmhainneacht iomlán an mhargaidh aonair le haghaidh glantach.

Ach critéir chaighdeánaithe a leagan síos agus na ceanglais maidir le táirgí atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol (earraí glantacháin miocróbacha) agus cleachtais nua inbhuanaithe a shoiléiriú **éascófar leis sin an t- aistriú glas agus áiritheofar an tráth céanna nach gcuirfear bac ar an nuálaíocht.**

Áirithítear anuas air sin le meascán de roghanna 1b agus 2b **go mbeidh ardleibhéal cosanta ann don tsláinte agus don chomhshaol.** Áiritheofar le bearta nua bainistíochta riosca le haghaidh earraí glantacháin miocróbacha go mbeidh na miocróib a úsáidtear i nglantaigh sábháilte ó pheirspictíocht sláinte agus chomhshaoil araon agus go mbeidh úsáideoirí deiridh in ann roghanna eolasacha a dhéanamh agus iad féin a chosaint ar bhealach níos fearr má tá aon íogaireacht nó leochaileacht roimh ré acu do na miocróib.

Trí threoracha úsáide spriocdhírithe agus simplithe a chur ar an lipéad beidh úsáideoirí na dtáirgí in ann na táirgí sin a úsáid i gceart, rud a thabharfaidh an chosaint is fearr don chomhshaol. Thairis sin, áiritheoidh ceanglais shonracha maidir le díolacháin athlíonta go bhfaighidh tomhaltóirí an fhaisnéis ábhartha uile maidir le sábháilteacht agus úsáid le linn dóibh glantaigh athlíonta a cheannach agus cuirfear cleachtas inbhuanaithe chun cinn lena mbaineann sochair mhóra don chomhshaol i dtéarmaí dramhaíola ó phacáistíocht.

Trí é a cheadú roinnt den fhaisnéis lipéadaithe a sholáthar ar bhonn digiteach amháin laghdófar a thuilleadh an dramhaíl a thagann ó dhiúscairt an stoic lipéad neamhúsáidte.

Ach na ceanglais lipéadaithe a chuíchóiriú agus a shimpliú cuideoidh sé **ionas go mbeidh na lipéid ghlantaigh níos soléite agus níos éasca a thuiscint**, rud lena mbeidh úsáideoirí deiridh in ann an fhaisnéis ábhartha a fháil ar bhealach níos éasca agus níos tapa, rud atá ríthábhachtach, go háirithe i gcás timpiste. Ach comhábhair a lipéadú uair amháin, bunaithe ar na rialacha níos déine is infheidhme (rogha 2b, fo- rogha 1b), tairgfear leibhéal cosanta sláinte níos airde.

Thairis sin, le lipéadú digiteach roghnach a thabhairt isteach soláthrófar ar lámh amháin **tuilleadh éascaíochta ó thaobh úsáide agus feasachta**, toisc go mbeidh an fhaisnéis fhíor- riachtanach a bheidh fágtha ar an lipéad fisiceach níos soiléire, agus ar an lámh eile **cruthófar buntáistí breise d'úsáideoirí leochaileacha lagamhairc.** Tabharfar isteach prionsabail dhigiteacha, agus beidh feidhm leo i gcás ina gcinneann monaróirí glantach tabhairt faoi lipéadú digiteach. Tabharfaidh siad sin tuilleadh cosanta don ardleibhéal cosanta sláinte.

[5] Ba é ceanglais lipéadaithe a thabhairt isteach faoi rogha 1a an rogha thosaíochta

[6] Baineann sé sin le tabhairt isteach ceanglas i gcoitinne *i.e.* faoi PO1a agus PO1b.

| |
|---|
| Ar deireadh, ach an bhileog sonraí comhábhar a choinneáil le haghaidh glantaigh neamhghuaiseacha faoin Rialachán maidir le Glantaigh áiritheofar go mbeidh an leibhéal cosanta fós an- ard.<br><br>Faoin rogha thosaíochta, tairbhíonn **feidhmiú an mhargaidh aonair** de noirm chaighdeánaithe a thabhairt isteach le haghaidh earraí glantacháin miocróbacha agus díolacháin athlíonta, rudaí a chuirfidh cosc ar rialacha náisiúnta a bheidh éagsúil lena chéile teacht chun cinn.<br><br>Ní bheidh aon chostas nó costais dhiomaibhseacha a bheidh sa rogha thosaíochta do chuideachtaí, agus beidh roinnt coigilteas costais i gceist léi. Leanfaidh an tionchar is mó – i bhfoirm coigiltis costais – ó dheireadh a chur le bileoga sonraí comhábhar le haghaidh glantaigh ghuaiseacha, **agus beidh coigilteas measta bliantúil de thart ar EUR 7 milliún in aghaidh na bliana i gceist**.<br><br>**Tá coinne le hualaí beaga breise** i ngeall ar na ceanglais bainistíochta riosca le haghaidh earraí glantacháin miocróbacha, thart ar **EUR 200 000 in aghaidh na cuideachta in aghaidh na bliana**[7]. Sin é an t- uasmheastachán, áfach, agus tá gach seans go mbeidh sé éagsúil ag brath ar thosca difriúla (e.g. méid na cuideachta nó méid na punainne táirgí).<br><br>Ach deireadh a chur le forluití rialála áiritheofar comhsheasmhacht níos mó leis an gcreat rialála coiteann san Aontas is infheidhme maidir le glantaigh, agus áiritheofar go mbeidh an digitiú ar lipéid ghlantaigh i gcomhréir leis an aistriú foriomlán chuig an ré dhigiteach agus le tionscnaimh digitithe an tráth céanna le haghaidh lipéid cheimiceán. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Tá coinne leis go gcosnóidh costais taithíochta aonuaire thart ar EUR 400 000 ar an iomlán ar thionscal na nglantach de thoradh an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Glantaigh. Trína áirithiú go mbeidh earraí glantacháin miocróbacha sábháilte le húsáid trí thabhairt isteach ceanglas bainistíochta ciallóidh sé go gcosnóidh sé laistigh de EUR 200 000 in aghaidh na cuideachta in aghaidh na bliana ar mhonaróirí na dtáirgí sin (FBManna den chuid is mó).<br><br>D’fhéadfadh mionchostais a bheith i gceist freisin d’aon mhonaróir a roghnaíonn suíomhanna gréasáin atá ann cheana a chur in oiriúint do lipéadú digiteach.<br><br>D’fhéadfadh **méadú beag teacht ar chostais forfheidhmiúcháin d’údaráis phoiblí de thoradh** an fháis a bhfuil coinne leis ar dhíolacháin athlíonta glantach agus ag cur san áireamh nach dóigh go bhfuil gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin reatha forleathan, i ngeall ar an easpa soiléireachta sa chreat atá i bhfeidhm faoi láthair. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Trína áirithiú go mbeidh earraí glantacháin miocróbacha sábháilte le húsáid trí cheanglais bainistíochta riosca a thabhairt isteach ciallóidh sé go gcosnóidh sé laistigh de EUR 200 000 in aghaidh na cuideachta in aghaidh na bliana ar mhonaróirí na dtáirgí sin (FBManna den chuid is mó). Sin é an t- uasmheastachán, áfach, agus tá gach seans go mbeidh sé éagsúil ag brath ar thosca difriúla (e.g. méid na cuideachta nó na punainne).<br><br>Ní bheadh **tionchar diúltach acu sin dá bhrí sin ar mhonaróirí (FBManna den chuid is mó),** a thuairiscigh le linn na gcomhairliúchán spriocdhírithe go bhfuil na costais sin laistigh den raon inghlactha. Ach critéir chaighdeánaithe a leagan síos agus na ceanglais a shoiléiriú i ndáil le hearraí glantacháin miocróbacha agus díolacháin athlíonta éascófar an t- aistriú glas agus áiritheofar an tráth céanna nach gcuirfear bac ar an nuálaíocht. Ós rud é go bhfuil FBManna ceannasach sna deighleoga sin den mhargadh faoi láthair, méadófar tuilleadh an rochtain a bheidh acu ar na slabhraí luacha agus ar an margadh go foriomlán agus déanfar iad a chomhtháthú isteach iontu. I dtéarmaí iomaíochas earnála, thacódh rogha 1b le forbairt bealaí dáilte athlíonta, rud a mheallfadh iontrálaithe nua (FBManna is dóchúla) isteach sa mhargadh sin.<br><br>Le rogha 2b in éineacht le 1b féadfaidh FBManna **leas a bhaint as an ré dhigiteach agus féadfar an t- ualach a laghdú agus coigilteas costais a dhéanamh**, ar an gcaoi chéanna le cuideachtaí móra. Ach aghaidh a thabhairt ar na forluití agus ar na dúbailtí dlíthiúla sainaitheanta gheobhaidh monaróirí faoiseamh ón oibleagáid atá ann faoi láthair an tsubstaint chéanna a lua níos mó ná uair amháin ar lipéad a dtáirge.<br><br>Beidh coigilteas costais ann mar thoradh ar roinnt faisnéise a bhogadh chuig an lipéad digiteach, toisc go bhfuil lipéid dhigiteacha níos éasca agus níl sé chomh costasach iad a thabhairt cothrom le dáta le lipéid fhisiceacha. Dá laghdófaí an méid faisnéise a cheanglaítear ar an lipéad fisiceach, d’fhéadfadh sin feabhas a chur ar shaorghluaiseacht glantach ar fud na 27 dtír san Aontas. |

[7] Meastar go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar 25 chuideachta san Aontas a tháirgeann táirgí miocróbacha.

Chuideofaí leis sin freisin trí bheith in ann tuilleadh teangacha a áireamh ar na lipéid fhisiceacha, trí roinnt faisnéise a bhogadh faoi lipéad digiteach. Thacódh sé le hinfheistíocht mhéadaithe agus le barainneachtaí scála. Laghdófaí an t- ualach leis freisin

**Rachaidh an coigilteas costais bliantúil** de thoradh deireadh a chur leis na bileoga sonraí comhábhar le haghaidh glantaigh ghuaiseacha agus díolacháin athlíonta a éascú faoi rogha 2a, chun leasa FBManna ar an gcaoi chéanna le cuideachtaí móra. Mar an gcéanna, tá coinne leis freisin le rogha 2a **go laghdófar na hualaí ar oibreoirí eacnamaíocha** i dtéarmaí na gceanglas forleathan forluiteach lipéadaithe faoi chreat rialála coiteann an Aontais ar infheidhme iad maidir le glantaigh, go háirithe trí dheireadh a chur leis na leaganacha dúbailte uile sna ceanglais faisnéise agus solúbthacht a thairiscint maidir le roinnt faisnéise lipéid a sholáthar trí lipéad digiteach.

**An imreofar tionchar mór ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Ní imreofar, cé go bhféadfadh costais oiriúnúcháin a bheith ann do roinnt údarás náisiúnta chun coigeartú don Rialachán nua. A mhéid a bhaineann le lipéadú digiteach a fhorfheidhmiú, ní bheidh aon tionchar mór aige sin, toisc go bhfuil litearthacht dhigiteach ag údaráis um fhaireachas margaidh cheana féin agus toisc go láimhseálann siad gairis dhigiteacha mar chuid dá saindualgas gairmiúil.

**An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?**

Níor aithníodh aon tionchar mór eile.

**Comhréireacht?**

Comhlíonann an rogha thosaíochta prionsabal na comhréireachta. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a ndírítear orthu a ghnóthú.

Is iad na ceanglais bainistíochta riosca le haghaidh earraí glantacháin miocróbacha na híoscheanglais a cheanglaítear chun cosaint chomhshaoil agus cosaint sláinte leordhóthanach a áirithiú. Éascófar na díolacháin athlíonta, rud a laghdóidh an t- ualach ar mhonaróirí agus a chruthóidh sochair dhearfacha don tsláinte agus don chomhshaol.

Beidh digitiú na lipéad fós roghnach. Nuair a úsáidtear é, gabhfaidh prionsabail ghinearálta an lipéadaithe dhigitigh leis, chun cáilíocht agus inrochtaineacht na faisnéise a sholáthraítear i bhfoirm dhigiteach a áirithiú.

I gcomhréir leis an gcur chuige a ghlacfar maidir le lipéadú digiteach do CLP agus táirgí leasacháin[8], de réir mar a théitear i dtaithí ar an lipéadú digiteach agus de réir mar a thógtar muinín maidir leis, d'fhéadfaí cur leis an méid faisnéise a bheidh ar fáil i bhfoirm dhigiteach amach anseo, rud a d'fhéadfadh cur a thuilleadh leis an acmhainneacht simpliúcháin don tionscal.

**D. Iarobair**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfar meastóireacht ar an Rialachán athbhreithnithe maidir le Glantaigh 5 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm.

[8] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12992-Chemicals-simplification-and-digitalisation-of-labelling-requirements_en